**Cuntas Leithreasa 2015**

# Vóta 36

# Cosaint

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 36, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa Chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2015 ar thuarastail agus ar speansais Oifig an Aire Cosanta, lena n-áirítear seirbhísí áirithe arna riar ag an Oifig sin; ar phá agus ar speansais Óglaigh na hÉireann; agus ar íoc deontas áirithe i gcabhair.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2015, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí i gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlitear barrachas €13.68 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den Chuntas seo é an Ráiteas ar Bheartais agus ar Phrionsabail Cuntasaíochta chomh maith le nótaí 1 go 6.

## Ráiteas ar Bheartais agus ar Phrionsabail Cuntasaíochta

Cuireadh na beartais agus na prionsabail chaighdeánacha cuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a sholáthar chun feidhme agus an cuntas á ullmhú, seachas i gcás an mhéid seo a leanas:

***Luacháil stoic***

Déantar stoic mhíleata a luacháil ag an meánchostas. Déantar stoic de chuid an Aerchóir a luacháil ag an bpraghas ceannaigh. Déantar stoic roinne a luacháil ag an bpraghas ceannaigh is déanaí.

***Dímheas***

Déantar sócmhainní míleata a dhímheas go luachanna iarmharacha ag rátaí idir 3%-20% in aghaidh na bliana agus modh an mhéid chothroim á úsáid.

***Sócmhainní caipitil***

Cuimsíonn sócmhainní caipitil gach cineál trealamh míleata agus gach sócmhainn TF ach ní chuirtear san áireamh troscán agus feistis a chosnaíonn níos lú ná €1,000.

Tá sceideal na talún agus na bhfoirgneamh arna riar ag an Roinn Cosanta faoi cheangal. Ós rud é nach bhfuil luachálacha ar fáil do gach ceann de na réadmhaoine seo, níl siad san áireamh i sócmhainní caipitil (Nóta 2.2).

## Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as córas um rialú inmheánach airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm a chinntiú go ndéanfaidh an Roinn córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais a choimeád agus a oibriú.

Tugaim faoin bhfreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus m'oibleagáidí eile mar Ard-Rúnaí. Ina theannta sin, ní thugann aon chóras um rialú inmheánach airgeadais ach ráthaíocht réasúnta seachas ráthaíocht iomlán go mbíonn sócmhainní cosanta, go mbíonn idirbhearta údaraithe agus taifeadta mar is cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí a chosc nó a bhrath go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas um rialú inmheánach airgeadais a choimeád agus déantar an córas agus éifeachtúlacht an chórais a athbhreithniú go rialta.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na gnéithe seo a leanas mar chuid di

- sannadh freagrachtaí airgeadais ar an leibhéal bainistíochta mar aon le cuntasacht chomhfhreagrach
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal inar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais
- bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna rialaithe suntasacha a thuairisciú agus chun gníomh ceartaitheach cuí a chinntiú
- tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a chur orm agus mé ag comhlíonadh mo chuid freagrachtaí a bhaineann leis an gcóras um rialú inmheánach airgeadais.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Deimhním gur cuireadh creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú bainistíochta rialta ar bun lena n-áirítear leithscaradh dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe

- go bhfuil córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil ann a ndéanann lucht ardbhainistíochta athbhreithniú air
- go ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le réamhaisnéisí
- go n-oibrítear córas bainistíochta riosca sa Roinn
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- go bhfuil treoirlínte cuí um rialú infheistíocht chaipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail ann.

Cinntíonn an Roinn go bhfuiltear ag díriú go cuí ar dhea-chleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go bhfuil na treoirlínte ábhartha go léir á gcomhlíonadh. Chloígh an Roinn leis na treoirlínte seachas 40 conradh dar luach €14 milliún a liostaíodh i mo thuairisceán bliantúil i ndáil le Ciorclán 40/2002. Baineann na conarthaí seo go príomha le caiteachas ar shaintrealamh cosanta, árthaí cabhlaigh agus aerárthaí míleata.

**Seirbhísí Comhroinnte**

Tá mo fhreagrachtaí comhlíonta agam i ndáil le riachtanais an chomhaontaithe um bainistíocht seirbhíse idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte chun seirbhís chomhroinnte a sholáthar.

Braithim ar litir ráthaíochta ó Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta ar Sheirbhísí Comhroinnte go gcleachtar na rialuithe cuí i soláthar seirbhísí comhroinnte don Roinn seo.

***Rioscaí suntasacha airgeadais***

Tá córas um rialú inmheánach i bhfeidhm ag an Roinn chun na rioscaí airgeadais uile a shainaithint. Déantar rioscaí a shainaithint, a mheasúnú, a chatagóiriú agus a thaifeadadh ar chlár rioscaí na Roinne, chomh maith leis na rialuithe a mhaolaíonn i gcoinne na rioscaí sin.

*Stoc agus Fardal Míleata*

Ag cur san áireamh éagsúlacht agus méid an stoic mhíleata nach mór d'Óglaigh na hÉireann iad a bheith ina seilbh, is tasc suntasach é luacháil an fhardail. Laghdaíodh luach an stoic mhíleata go suntasach le blianta beaga anuas tar éis atheagrú Óglaigh na hÉireann agus tar éis tionscnamh le míreanna stoic malla agus críona a aithint agus a bhaint. Tugadh faoi chuid mhór oibre freisin maidir leis an tionscadal leanúnach le catagóirí áirithe fardail a athaicmiú mar shócmhainní seasta (lena n-áirítear athaicmiú míreanna ardmhéide a bhfuil luach íseal ag baint leo ó fhardal go hacmhainní). Cuireadh athbhreithniú seachtrach ar an bhfardal míleata i gcrích agus táthar ag cur na moltaí chun cinn agus é i gceist iad a chur i bhfeidhm chomh luath agus is féidir. Tá na próisis seo fós ar siúl agus beidh de thoradh orthu bailíocht fheabhsaithe agus cruinneas feabhsaithe luachála agus tuairisceoireachta fardail.

***Iniúchadh Inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánaigh ag an Roinn le pearsanra faoi oiliúint chuí, a oibríonn de réir cairt scríofa a cheadaigh mé féin. Cuirtear le hobair na feidhme seo le hanailís ar na rioscaí airgeadais os comhair na Roinne agus bunaítear na pleananna bliantúla maidir le hiniúchadh inmheánach, arna gceadú agamsa, ar an anailís seo. Tá sé mar aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chuimsiú, ar bhonn atrátha, thar thréimhse réasúnta. Déanaim féin agus an Coiste Iniúchóireachta an fheidhm iniúchta inmheánaigh a athbhreithniú ó am go chéile. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar fiosrú ar na tuarascálacha maidir leis an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh.

**Maurice Quinn**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Cosanta

31 Márta 2016

## An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 36 Cosaint

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithghabhála do Vóta 36 Cosaint don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2015 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a forordaíodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na mbeartas cuntasaíochta caighdeánacha agus na bprionsabal do chuntais leithghabhála.

***Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta***

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státchiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithghabhála a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin ina Roinn agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt sna cuntais leithreasa.

***Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste***

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntais leithghabhála gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithghabhála, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas ag cloí leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain, faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas leithghabhála.

***Scóip an iniúchta***

Áirítear mar chuid d'iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus do rialtacht na n-idirbheart airgeadais atá san áireamh sa chuntas chomh maith le measúnú i dtaca leis an gceist ar cloíodh le forálacha cuntasaíochta *Ghnáthaimh Airgeadais Phoiblí* na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas leithghabhála saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithghabhála.

***Tuairim faoin gcuntas leithghabhála***

I mo thuairimse, léiríonn an cuntas leithghabhála go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 36 Cosaintdon bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2015**.**

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m'iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh taifid chuntasaíochta leordhóthanacha  ag an Cosaint**.** Réitíonn an cuntas leithghabhála leis na taifid chuntasaíochta.

***Ag tuairisciú ar ghnóthaí a tháinig chun cinn ó iniúchadh***

Tagraíonn Caibidlí 8 de mo thuarascáil maidir le cuntais na seirbhísí poiblí le haghaidh 2015 do ghnóthaí áirithe a bhaineann le Vóta 36 Cosaint.

**Seamus MacCárthaigh**

Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

27 Meán Fómhair 2016

# Vóta 36 Cosaint

# Cuntas Leithreasa 2015

| | | 2015 | | 2014 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthraithe meastachán** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas cláir** | | | | |
| A | Beartas cosanta agus tacaíocht, cumas míleata agus torthaí oibriúcháin | | | |
| | *Foráil na bliana reatha* | 677,291 | 670,539 | 672,960 |
| | **Ollchaiteachas** | **677,291** | **670,539** | **672,960** |
| | *Asbhain* | | | |
| B | **Leithreasaí i gcabhair** | **37,887** | **44,819** | **45,345** |
| | **Glanchaiteachas** | **639,404** | **625,720** | **627,615** |

**Barrachas le tabhairt suas**

Tá barrachas an mhéid arna chur ar fáil thar an nglanmhéid arna chur i bhfeidhm dlite le géilleadh don Státchiste.

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Barrachas le tabhairt suas | 13,684,310 | 13,577,097 |

**Anailís ar chaiteachas riaracháin**

| | | 2015 | | 2014 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthraithe meastachán** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pánna agus liúntais | 18,373 | 17,236 | 17,046 |
| ii | Taisteal agus cothú | 520 | 461 | 504 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha | 210 | 217 | 175 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 675 | 609 | 576 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | 2,547 | 2,230 | 2,361 |
| vi | Speansais áitreabh oifige | 1,125 | 687 | 957 |
| vii | Seirbhísí comhairliúcháin, athbhreithnithe ar luach ar airgead agus athbhreithnithe beartais | 25 | 14 | — |
| viii | Uachtaránacht ar an AE | — | — | 7 |
| | | 23,475 | 21,454 | 21,626 |

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## 1 Ráiteas faoi Chostas Oibriúcháin 2015

| | | 2015 | 2014 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Caiteachas cláir | | 649,085 | 651,334 |
| Riarachán – pá | | 17,236 | 17,046 |
| Riarachán – neamhphá | | 4,218 | 4,580 |
| **Ollchaiteachas** | | **670,539** | **672,960** |
| *Asbhain* | | | |
| **Leithreasaí i gcabhair** | | **44,819** | **45,345** |
| **Glanchaiteachas** | | **625,720** | **627,615** |
| | | | |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin (airgead tirim) | (65,587) | | |
| Dímheas | 38,756 | | |
| Caillteanas ar dhiúscairtí | 7,040 | | |
| Diúscairtí (airgead tirim) | 586 | | |
| | | (19,205) | (43,379) |
| **Athruithe ar shócmhainní atá á bhforbairt** | | | |
| Íocaíochtaí airgid thirim | | (7,833) | (6,412) |
| | | | |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhabhruithe deiridh | (5,230) | | |
| Laghdú ar stoc | 23,148 | | |
| | | 17,918 | 19,655 |
| **Caiteachas díreach** | | **616,000** | **597,479** |
| | | | |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 8,891 | 8,226 |
| Measchíosanna | | 1,207 | 1,071 |
| **Costas glan cláir** | | **626,698** | **606,776** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar Sheirbhísí Gaolmhara

Tá méid an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na méideanna a leanas i ndáil le Vóta 36 a tabhaíodh in áit eile agus méideanna a tabhaíodh ar an vóta maidir le seirbhísí eile.

| | | 2015 | 2014 |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** |
| Vóta 1 Teaghlachas an Uachtaráin | m | (408) | (409) |
| Vóta 2 Roinn an Taoisigh | m | (72) | (58) |
| Vóta 9 Na Coimisinéirí Ioncaim | m | 1 | 2 |
| Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | m | 10,129 | 9,504 |
| Vóta 13: Oifig na nOibreacha Poiblí | m | 886 | 742 |
| Vote 18 Shared Services | m | 63 | — |
| Vóta 35: Arm-Phinsin | m | (1,850) | (1,672) |
| An Príomh-Chiste – Pinsin na nAirí | m | 142 | 117 |
| | | **8,891** | **8,226** |

Tugann “m” le fios gur luach measta nó costas cionroinnte atá ann.

## 2 Clár Comhardaithe amhail an 31 Nollaig 2015

| | Nóta | 2015 €000 | 2014 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.2 | 430,214 | 363,934 |
| **Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt** | 2.3 | 5,507 | 365 |
| | | **435,721** | **364,299** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.4 | 8,320 | 5,665 |
| Stoic | 2.5 | 220,422 | 243,570 |
| Réamhíocaíochtaí | 2.6 | 70,530 | 110,394 |
| Ioncam fabhraithe | | 6,232 | 1,695 |
| Iarmhéideanna eile dochair | 2.7 | 825 | 618 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **306,329** | **361,942** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Speansais fhabhraithe | | 4,169 | 2,156 |
| Ioncam iarchurtha | | 39 | 45 |
| Iarmhéideanna eile sochair | 2.8 | 7,018 | 5,432 |
| Glandliteanas don Státchiste | 2.9 | 2,127 | 851 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **13,353** | **8,484** |
| **Glansócmhainní reatha** | | 292,976 | 353,458 |
| **Glansócmhainní** | | **728,697** | **717,757** |
| **Léirithe ag:** | | | |
| **Cuntas maoiniú Stáit** | 2.1 | **728,697** | **717,757** |

| **2.1 Cuntas Maoiniú Stáit** | **Nóta** | | **2015** | **2014** |
|---|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | | | 717,757 | 693,330 |
| **Eisíocaíochtaí as an Vóta** | | | | |
| Suim soláthraithe sa mheastachán | Cuntas | 639,404 | | |
| Barrachas le tabhairt suas | Cuntas | (13,684) | | |
| Vóta glan | | | 625,720 | 627,615 |
| Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile | 1 | | 8,891 | 8,226 |
| Caiteachas neamhairgid – measchíos | 1 | | 1,207 | 1,071 |
| Aistrithe – sócmhainní caipitil atá á bhforbairt | 2.3 | | (2,691) | (9,115) |
| Coigeartú sócmhainne | 2.2 | | 4,511 | 3,406 |
| Costas glan cláir | 1 | | (626,698) | (606,776) |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | | | **728,697** | **717,757** |

**2.2 Sócmhainní Caipitil**

| | Trealamh míleata | Trealamh na cosanta sibhialta | Trealamh oifige agus TF | Troscán agus feistis | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | | | |
| Costas nó luacháil amhail an 1 Eanáir 2015 | 903,162 | 2,647 | 40,969 | 3,628 | 950,406 |
| Athaicmiú ó stoc[a] | 18,034 | — | 238 | — | 18,272 |
| Breiseanna | 103,108 | 773 | 4,233 | 37 | 108,151 |
| Diúscairtí | (66,584) | (59) | (2,137) | (16) | (68,796) |
| Costas nó luacháil amhail an 31 Nollaig 2015 | 957,720 | 3,361 | 43,303 | 3,649 | 1,008,033 |
| **Dímheas carntha** | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh amhail an 1 Eanáir 2015 | 547,667 | 754 | 35,655 | 2,396 | 586,472 |
| Dímheas ar mhíreanna athaicmithe[a] | 13,606 | — | 155 | — | 13,761 |
| Dímheas don bhliain | 36,515 | 287 | 1,747 | 207 | 38,756 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (59,077) | (15) | (2,068) | (10) | (61,170) |
| Dímheas carntha amhail an 31 Nollaig 2015 | 538,711 | 1,026 | 35,489 | 2,593 | 577,819 |
| **Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2015** | **419,009** | **2,335** | **7,814** | **1,056** | **430,214** |
| **Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2014** | **355,495** | **1,893** | **5,314** | **1,232** | **363,934** |

[a] Athaicmíodh míreanna áirithe a taifeadadh cheana mar stoc mar shócmhainní caipitil, lena n-áirítear trealamh míleata de luach níos lú ná €1,000.

Riarann an Roinn Cosanta talamh (tuairim is 8,300 heicteár) agus foirgnimh ag 63 ionad éagsúil, chomh maith le 19 réadmhaoin lasmuigh de bheairicí atá ann mar cheathrúna do lucht pósta. Níl talamh agus foirgnimh áirithe i sócmhainní caipitil.

**2.3 Tionscadail tógála ar siúl**

| amhail an 31 Nollaig | €000 |
|---|---|
| Méideanna tugtha ar aghaidh amhail an 1 Eanáir 2015 | 365 |
| Íocaíochtaí airgid thirim sa bhliain | 7,833 |
| Aistrithe chuig Clár na Sócmhainní[a] | (2,691) |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2015 | 5,507 |

[a] Aistriú barúlach chuig Clár na Sócmhainní.

| **2.4 Banc agus Airgead Tirim** | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid PMG | 7,834 | 4,662 |
| Iarmhéideanna eile bainc agus airgead thirim | 486 | 1,003 |
| | 8,320 | 5,665 |

| **2.5 Stoic** | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| **Stoic mhíleata** | | |
| Iarmhéid tosaigh an 1 Eanáir | 242,986 | 264,448 |
| Ceannaigh le linn na bliana | 42,617 | 41,029 |
| Eisiúintí le linn na bliana | (39,438) | (50,710) |
| Nithe díscríofa, stoc críon, etc.[a] | (8,226) | (4,900) |
| Coigeartú | — | 2,726 |
| Athaicmiú go sócmhainní seasta[b] | (18,585) | (9,607) |
| | 219,354 | 242,986 |
| Cosaint Shibhialta | 1,017 | 529 |
| Páipéarachas | 22 | 29 |
| Ábhar inchaite TF | 29 | 26 |
| | 220,422 | 243,570 |

[a] Tá obair ar siúl go leanúnach le míreanna stoic mhíleata mallghluaisteacha agus críona a shainaithint agus a bhaint.

[b] Athaicmíodh roinnt míreanna stoic mhíleata mar shócmhainní in 2015 (féach Nóta 2.2).

| **2.6 Réamhíocaíochtaí** | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Tógáil árthaí cabhlaigh [Nóta 2.10 (c)] | 58,425 | 81,295 |
| Eile | 12,105 | 29,099 |
| | 70,530 | 110,394 |

Is ionann €58 milliún agus na réamhíocaíochtaí a rinneadh ar Thionscadal Athsholáthair na nÁrthaí Cabhlaigh

| 2.7 Iarmhéideanna Eile Dochair | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | €000 | €000 |
| | | |
| Fionraí | 825 | 618 |
| | 825 | 618 |

| 2.8 Iarmhéideanna Eile Sochair | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | €000 | €000 |
| | | |
| **Méideanna dlite don Stát** | | |
| Cáin Bhreisluacha | 6,802 | 5,185 |
| Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla | 87 | 115 |
| Cáin Ioncaim | 59 | 46 |
| Ranníocaíochtaí pinsin | 27 | 25 |
| Cáin Chonarthaí Iomchuí | 15 | 16 |
| Muirear Sóisialta Uilíoch | (13) | (12) |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasta | (8) | (25) |
| | 6,969 | 5,350 |
| Asbhaintí den phárolla atá gcoinneáil ar fionraí | 19 | 5 |
| Míreanna eile creidmheasa atá ar fionraí | 30 | 77 |
| | 7,018 | 5,432 |

| 2.9 Glandliteanas don Státchiste | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | €000 | €000 |
| | | |
| Farasbarr leithreasaí le tabhairt suas | 13,684 | 13,577 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (11,557) | (12,726) |
| Glandliteanas don Státchiste | 2,127 | 851 |
| | | |
| **Léirithe ag:** | | |
| | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 8,320 | 5,665 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 825 | 618 |
| | 9,145 | 6,283 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (6,969) | (5,350) |
| Iarmhéideanna sochair: fionraí | (49) | (82) |
| | (7,018) | (5,432) |
| | | |
| | 2,127 | 851 |

| **2.10 Ceangaltais** | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Iomlán na gceangaltas atá infheidhme de réir an dlí | 33,063 | 76,286 |

**(a) Ceangaltais dhomhanda**

Cuimsíonn €33 milliún €15 mhilliún do cheannach trealaimh chosantaigh, €10 milliún do Chlár Athsholáthair na nÁrthaí Cabhlaigh agus €5 mhilliún do bhonneagar tógtha.

**(b) Ceangaltais chaipitil ilbhliantúla**

Caiteachas in 2015 agus ceangaltais le sásamh sna blianta ina dhiaidh sin de bhua tionscadal, a bheidh maoinithe ó fhotheidil ina bhfuil forálacha caipitil vótáilte, mar a bhí conarthaí infheidhmithe de réir an dlí i bhfeidhm:

| | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Caiteachas | 89,418 | 6,412 |
| Ceangaltais le sásamh sna blianta ina dhiaidh sin | 28,901 | 4,812 |

In 2015, athaicmíodh roinnt catagóirí caiteachais, a aicmíodh roimhe seo mar chaiteachas reatha, mar chaiteachas caipitil d'fhonn cloí le Córas Cuntas na hEorpa.

**(c) Mórthionscadail**

Caiteachas ar thionscadail ina sáróidh an costas measta iomlán €6.35 milliún.

| | | | | **2015** | **2014** |
|---|---|---|---|---|---|
| | **Caiteachas anuas go dtí an 31 Nollaig 2014** | **Caiteachas** | **Caiteachas dá éis sin** | **Iomlán an tionscadail** | **Iomlán an tionscadail** |
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Tionscadal** | | | | | |
| Tionscadal athsholáthair na nÁrthaí cabhlaigh | 142,655 | 46,740 | 9,963 | 199,358 | 199,358 |
| Tionscadal armáil na nÁrthaí cabhlaigh nua | 9,521 | 3,069 | 510 | 13,100 | 13,100 |
| Tionscadal um thiontú iompróir armúrtha pearsanra | 7,352 | 912 | 73 | 8,337 | 8,337 |

In 2015, seachadadh an dara hárthach i gClár Athsholáthair na nÁrthaí Cabhlaigh. Tá an tríú hárthach le seachadadh in 2016.

| **2.11 Dliteanais Aibithe** | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Meastachán de dhliteanais aibithe nach bhfuil urscaoilte ag deireadh na bliana | 637 | 479 |

## 3 Caiteachas Cláir de réir Fotheidil

| | | 2015 | | 2014 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Suim soláthraithe sa mheastachán** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **A** | **Beartas cosanta agus tacaíocht, cumas míleata agus torthaí oibriúcháin** | | | |
| A.1 | Riarachán – pá | 18,373 | 17,236 | 17,053 |
| A.2 | Riarachán – neamhphá | 5,102 | 4,218 | 4,573 |
| A.3 | Na Buan-Óglaigh: pá | 417,466 | 389,935 | 395,573 |
| A.4 | Na Buan-Óglaigh: liúntais | 35,279 | 34,286 | 34,337 |
| A.5 | Na hÓglaigh Cúltaca: pá etc. | 2,150 | 1,736 | 1,858 |
| A.6 | Séiplínigh agus eaglaisigh feidhmithe: pá agus liúntais | 1,225 | 1,048 | 1,187 |
| A.7 | Sibhialtaigh a bhaineann le haonaid: pá etc. | 32,941 | 24,913 | 25,472 |
| A.8 | Trealamh cosanta | 21,136 | 23,786 | 25,877 |
| A.9 | An tAerchór: trealamh agus costais | 15,450 | 17,080 | 16,936 |
| A.10 | Iompar míleata | 8,690 | 9,473 | 10,856 |
| A.11 | An tSeirbhís Chabhlaigh: trealamh agus speansais | 45,179 | 64,733 | 70,553 |
| A.12 | Speansais bheairicí agus trealamh innealtóireachta | 13,510 | 13,763 | 13,200 |
| A.13 | Foirgnimh | 18,522 | 15,191 | 13,743 |
| A.14 | Ordanás, éadaí agus lónadóireacht | 11,970 | 12,873 | 11,633 |
| A.15 | Cumarsáid agus teicneolaíocht faisnéise | 7,140 | 10,810 | 7,623 |
| A.16 | Traenáil mhíleata | 2,050 | 2,225 | 1,912 |
| A.17 | Seirbhísí taistil agus lasta | 2,218 | 2,796 | 2,707 |
| A.18 | Speansais leighis | 2,555 | 3,625 | 2,599 |
| A.19 | Tailte | 1,000 | 1,221 | 1,215 |
| A.20 | Eachaíocht | 860 | 908 | 943 |
| A.21 | Cúiteamh agus costais ghaolmhara | 5,000 | 3,730 | 4,244 |
| A.22 | Caiteachas ilghnéitheach | 3,066 | 2,621 | 2,401 |
| A.23 | Costais dhíreacha de thoradh rannpháirtíocht na hÉireann i gComhbheartas Slándála agus Cosanta an AE | 1,300 | 1,202 | 1,191 |
| A.24 | Cosaint Shibhialta | 4,240 | 5,261 | 4,405 |
| A.25 | Cros Dhearg na hÉireann (deontas i gcabhair) | 869 | 5,869 | 869 |
| | **Iomlán** | **677,291** | **670,539** | **672,960** |

**Athruithe suntasacha**

Tríd is tríd, bhí an caiteachas i ndáil le Clár A €6.75 milliún níos lú ná mar a foráladh. Bhí sin amhlaidh go príomha mar gheall ar na difríochtaí seo a leanas ag leibhéal na bhfo-cheannteideal:

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná mar a foráladh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Na Buan-Óglaigh: pá | 27,531 | Tharla an coigilteas seo de bharr scoir níos airde ná mar a tuaradh agus earcaíocht níos ísle ná mar a tuaradh in 2015. Mar gheall air seo, bhí líon níos ísle pearsanra ar seirbhís sna Buan-Óglaigh i rith na bliana ná mar a bhíothas ag súil leis. |
| Na hÓglaigh Cúltaca: pá, etc. | 414 | Tháinig an choigilt go príomha as rannpháirtíocht cúltacairí in oiliúint íoctha a bheith ní b'ísle ná mar a rabhthas ag súil léi. |
| Séiplínigh agus eaglaisigh feidhmithe: pá agus liúntais | 177 | Tháinig an choigilt go príomha as séiplínigh a chuaigh ar scor in 2015. |
| Tacaíocht sibhialtach Óglaigh na hÉireann: pá agus liúntais, etc. | 8,028 | Tháinig an choigilt go príomha as laghdú ar líon na bhfostaithe sibhialtacha. |
| Trealamh cosanta | (2,650) | Tá an barrachas ann mar thoradh ar an gceanglas i dtaca le trealamh riachtanach breise cosanta a cheannach i gcomhair oibríochtaí Óglaigh na hÉireann. |
| An tAerchór: aerárthaigh, trealamh agus tacaíocht | (1,630) | Tharla an barrachas seo go príomha de bharr cothabháil aerárthaigh, trealamh agus riachtanais oiliúna bhreise agus seach-chuirtear i bpáirt é le húsáid breosla agus costas laghdaithe. |
| Iompar míleata | (783) | Tá an barrachas ann mar thoradh ar an gceanglas i dtaca le feithiclí míleata breise a cheannach agus seach-chuirtear i bpáirt é le costais bhreosla agus pháirteanna ionaid laghdaithe. |
| An tSeirbhís Chabhlaigh: árthaigh, trealamh agus tacaíocht | (19,554) | Tá an barrachas ann mar thoradh go príomha ar íocaíochtaí conartha breise faoi Chlár Athsholáthair na nÁrthaí Cabhlaigh agus costais trealaimh agus chothabhála bhreise. |
| Bonneagar tógtha Óglaigh na hÉireann: tógáil agus cothabháil | 3,331 | Tá an choigilt ann go príomha mar thoradh ar dhul chun cinn ní ba mhoille ná mar a rabhthas ag súil leis i dtaca le tionscadail. |
| Éide, éadach, trealamh agus lónadóireacht Óglaigh na hÉireann | (903) | Tá an barrachas ann go príomha de bharr éadaí Óglaigh na hÉireann d'imeachtaí Chomóradh 2016 agus riachtanas i dtaca le trealamh thar lear sa bhreis. |
| Cumarsáid agus TF Óglaigh na hÉireann | (3,670) | Tháinig an barrachas as an ngá a bhí le bogearraí líonra agus córais chumarsáide a uasghrádú d'fhonn tacú le riachtanais oibriúcháin. |

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná mar a foráladh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Oideachas agus oiliúint mhíleata | (175) | s ann don bharrachas den chuid is mó de thairbhe ceannach trealamh oiliúna míleata breise. |
| Lóistíochtaí agus taisteal Óglaigh na hÉireann | (578) | Is ann don bharrachas seo go príomha mar gheall ar chostais bhreise a tabhaíodh mar thoradh ar athrú i socrú na Náisiún Aontaithe d'íocaíocht eitiltí rothlacha. |
| Tacaíocht leighis agus chúram sláinte Óglaigh na hÉireann | (1,070) | Baineann an barrachas den chuid is mó le ceannach trealamh leighis breise le tacú le riachtanais chliniciúla agus oibríochtúla. |
| Tailte | (221) | Baineann an barrachas seo le hoibreacha comhshaoil agus cothabhála ar réadmhaoin a theastaíonn faoi na rialacháin um Shláinte agus Shábháilteacht agus roimh imeachtaí Chomóradh 2016. |
| Costais dlíthíochta agus chúitimh | 1,270 | Tá caiteachas faoin bhfotheideal seo faoi réir roinnt athróg nach bhféadfaí a thuar, lena n-áirítear uainiú éisteachtaí cúirte, dul chun cinn na gcásanna, agus líon, luach agus uainiú na ndámhachtainí agus na socraíochtaí. |
| Caiteachas ilghnéitheach | 445 | Tá an choigilt ann go príomha mar thoradh ar dhul chun cinn ní ba mhoille ná mar a rabhthas ag súil leis agus iarchur i dtaca le roinnt tionscadal, agus costais riaracháin. |
| Cosaint Shibhialta | (1,021) | Baineann an barrachas den chuid is mó leis an riachtanas le cabhlach na Cosanta Sibhialta a uasghrádú agus trealamh cosanta pearsanta breise a cheannach. |
| Cros Dhearg na hÉireann | (5,000) | D'eascair an barrachas as cinneadh Rialtais le €5 mhilliún a eisiúint le Cros Dhearg na hÉireann as riarachán Scéim Tacaíochta Daonnúil Éigeandála do ghnólachtaí beaga, tar éis dianaimsire agus tuilte. |

# 4 Fáltais

| 4.1 Leithreasaí i gcabhair | | 2015 | | 2014 |
|---|---|---|---|---|
| | | Measta | Réadaithe | Réadaithe |
| | | €000 | €000 | €000 |
| 1. | Fáltais ó na Náisiúin Aontaithe maidir le liúntais thar lear etc. | 4,313 | 10,642 | 6,133 |
| 2. | Fáltais ón AE maidir le costais chosanta iascaigh | 50 | — | — |
| 3. | Fáltais ó bhainc agus eagraíochtaí eile | 6,800 | 5,508 | 8,924 |
| 4. | Fáltais ó chónaí i gceathrúna oifigiúla | 240 | 206 | 224 |
| 5. | Fáltais ó chiondálacha ar aisíoc | 870 | 804 | 997 |
| 6. | Fáltais ó eisiúintí eile ar aisíoc | 50 | 35 | 41 |
| 7. | Fáltais ar bhreosla eitlíochta | 70 | 38 | 40 |
| 8. | Fáltais ar urscaoileadh trí cheannach | 50 | 134 | 75 |
| 9. | Tailte agus áitribh | | | |
| | (a) cíosanna etc. | 450 | 512 | 525 |
| | (b) díolacháin | 2,200 | 1,848 | 3,258 |
| 10. | Díol stóras iomarcach | 200 | 739 | 109 |
| 11. | Aisíocaíochtaí maidir le seirbhísí pearsanra ar iasacht | 30 | 103 | 79 |
| 12. | Nithe ilghnéitheacha | 515 | 2,805 | 2,389 |
| 13. | Fáltais ó asbhaint a bhaineann le pinsean maidir le luach saothair seirbhíse poiblí | 22,049 | 21,445 | 22,551 |
| | **Iomlán** | **37,887** | **44,819** | **45,345** |

**Míniú ar na hathruithe suntasacha**

Tugtar míniú thíos maidir le gach teideal ina raibh an toradh a bhain leis breis is €100,000 níos mó ná an tsuim a measadh agus breis is 5% amach ón tsuim a measadh.

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná mar a foráladh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Fáltais ó na Náisiúin Aontaithe maidir le liúntais thar lear, etc. | (6,329) | Tháinig an barrachas as fáltais ó na Náisiúin Aontaithe a bheith ní b'airde ná mar a bhíothas ag súil leo i ndáil le pá agus costais trealaimh in 2015. Tá sé deacair tráth fáltas a thuar. |
| Fáltais ó bhainc agus eagraíochtaí eile | 1,292 | Is é an laghdú sa líon seirbhísí coimhdeachta airgid faoi bhealach a chuir Óglaigh na hÉireann ar fáil ba chúis leis an easnamh seo. |
| Tailte agus áitribh | 352 | Baineann an t-easnamh le moill ar dhíolacháin réadmhaoine míleata. |
| (b) díolacháin | | |
| Díol stóras iomarcach | (539) | Tháinig an barrachas as díolachán aerárthach agus feithiclí míleata agus páirteanna spártha lena mbaineann in 2015. |
| Nithe ilghnéitheacha | (2,290) | Tá an barrachas ann go príomha mar go bhfuarthas níos mó fáltas i leith na Seirbhíse Tacaíochta Aerleighis Éigeandála ná mar a rabhthas ag súil leo. |

# 5 Líon agus Pá na bhFostaithe

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| **Líon foirne ag deireadh na bliana** (coibhéisí lánaimseartha) | 9,982 | 10,147 |

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 391,435 | 397,583 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 260 | 230 |
| Ragobair | 434 | 414 |
| Liúntas uainoibre agus uainchláir | 188 | 207 |
| Liúntais mhíleata agus liúntais eile | 28,160 | 28,001 |
| ÁSPC fostóra | 36,127 | 36,407 |
| **Pá iomlán** | **456,604** | **462,842** |

Ní áirítear leis na figiúirí iomlána Oifig an Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann lena mbaineann triúr pearsanra agus €210,853 d'íocaíochtaí iomlána. Cuireann an oifig sin cuntas ar leith ar fáil.

Ní áirítear caiteachas neamhphá arna mhuirearú go fotheidil pá áirithe sna figiúirí pá iomlána thuas.

**5.1 Státseirbhísigh**

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| **Líon foirne ag deireadh na bliana** (coibhéisí lánaimseartha) | 329 | 339 |

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 16,358 | 16,208 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 100 | 100 |
| Ragobair | 110 | 103 |
| Liúntais eile | 11 | 7 |
| ÁSPC fostóra | 65 | 635 |
| **Pá iomlán** | **17,236** | **17,053** |

| **Liúntais agus iocaíochtaí ragoibre** | **Líon na bhfaighteoirí** | **Faighteoirí €10,000 nó níos mó** | **Uasíocaíocht aonair** | **Uasíocaíocht aonair** |
|---|---|---|---|---|
| | | | **2015** | **2014** |
| | | | **€** | **€** |
| Ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 23 | 3 | 16,173 | 15,574 |
| Ragobair | 66 | — | 8,643 | 9,777 |
| Liúntais eile | 12 | — | 3,119 | 2,123 |
| Líon na ndaoine aonair a fuair luach saothair breise i níos mó ná aon | 11 | — | 9,787 | 15,574 |

**5.2 Fostaithe Sibhialtacha**

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| **Líon foirne ag deireadh na bliana** (coibhéisí lánaimseartha) | 489 | 508 |

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 17,677 | 18,462 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 160 | 130 |
| Ragobair | 324 | 311 |
| Liúntas uainoibre agus uainchláir | 188 | 207 |
| Liúntas am taistil | 535 | 533 |
| Liúntas uirlisí agus liúntais eile | 268 | 276 |
| ÁSPC fostóra | 1,909 | 1,949 |
| **Pá iomlán** | **21,061** | **21,868** |

Áirítear san fhigiúr pá íocaíochtaí téarfa agus iomarcaíochta dar fiú €71,028 a íocadh le seisear fostaithe sibhialtacha in 2015.

| **Liúntais agus iocaíochtaí ragoibre** | **Líon na bhfaighteoirí** | **Faighteoirí €10,000 nó níos mó** | **Uasíocaíocht aonair** | **Uasíocaíocht aonair** |
|---|---|---|---|---|
| | | | **2015** | **2014** |
| | | | **€** | **€** |
| Ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 70 | — | 8,657 | 8,026 |
| Ragobair | 142 | 1 | 10,922 | 15,833 |
| Liúntas uainoibre agus uainchláir | 30 | 4 | 13,047 | 15,039 |
| Liúntas am taistil | 79 | 10 | 12,261 | 12,030 |
| Liúntas uirlisí agus liúntais eile | 298 | — | 3,298 | 3,235 |
| Líon na ndaoine aonair a fuair luach saothair breise i níos mó ná aon | 193 | 43 | 25,073 | 30,872 |

**5.3 Na Buan-Óglaigh (lena n-áirítear Seirbhís Altranais an Airm agus an tSéiplíneacht)**

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| **Líon foirne ag deireadh na bliana** (coibhéisí lánaimseartha) | 9,164 | 9,299 |

| | 2015<br>€000 | 2014<br>€000 |
|---|---|---|
| Pá agus liúntas na seirbhíse míleata | 357,400 | 362,913 |
| Liúntais thar lear | 13,113 | 12,127 |
| Liúntais dualgais slándála | 7,745 | 8,066 |
| Liúntais dualgais teorann | 2,841 | 3,009 |
| Liúntais dualgais patróil | 2,171 | 2,519 |
| Liúntais ilghnéitheacha | 1,476 | 1,464 |
| ÁSPC fostóra | 33,561 | 33,823 |
| **Pá iomlán** | **418,307** | **423,921** |

| **Liúntais** | **Líon na bhfaighteoirí** | **Faighteoirí €10,000 nó níos mó** | **Uasíocaíocht aonair 2015 €** | **Uasíocaíocht aonair 2014 €** |
|---|---|---|---|---|
| Liúntais thar lear | 1,466 | 514 | 37,139 | 37,139 |
| Liúntais dualgais slándála | 7,642 | 10 | 18,022 | 15,070 |
| Liúntais dualgais teorann | 710 | — | 5,416 | 9,748 |
| Liúntais dualgais patróil | 746 | — | 9,599 | 10,819 |
| Liúntais ilghnéitheacha | 869 | — | 7,168 | 7,294 |
| Líon na ndaoine aonair a fuair luach saothair breise i níos mó ná aon | 2,512 | 563 | 32,964 | 37,365 |

**5.4 Foireann ar Iasacht**

Áirítear sa Chuntas seo €454,502 i leith luach saothair an phearsanra (mhíleata agus shibhialta) ar iasacht.

**5.5 Revenue Settlement**

An amount of €16,875 was paid to Revenue as an unprompted voluntary disclosure relating to PAYE, PRSI and USC in respect of the provision of certain medical services to members of the Defence Forces.

**5.6 Payroll Overpayments**

Bhí ró-íocaíochtaí ag deireadh na bliana €39,047 (39 cás) . As sin , €35,095 (32 cás) pleananna téarnaimh i bhfeidhm.

# 6 Nithe Ilghnéitheacha

### 6.1 Misin thar Lear

Áirítear sa Chuntas seo na suimeanna a shonraítear thíos i ndáil le luach saothair na bpearsanra míleata atá ag seirbheáil le hoibríochtaí um thacaíocht síochána an Aontais Eorpaigh (AE) agus na Náisiún Aontaithe (NA) chomh maith le heagraíochtaí éagsúla eile, mar aon le costais taistil, chothaithe agus iompair:

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| **Misin na NA agus an AE:** | | |
| UNIFIL (an Liobáin) | 15,958 | 15,956 |
| UNDOF (Arda Golan) | 11,295 | 9,667 |
| KFOR (an Chosaiv) | 1,353 | 1,221 |
| EUFOR (an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin) | 798 | 817 |
| Misin eile na NA agus an AE | 3,851 | 3,974 |
| | 33,255 | 31,635 |
| **Eile:** | | |
| Ionadaithe agus comhairleoirí míleata | 1,635 | 1,819 |
| An Grúpa Cogaidh Nordach | 2,179 | 1,234 |
| An Eagraíocht um Shlándáil agus Comhar san Eoraip | 254 | 397 |
| Operation Pontus (Search and Rescue Mediterranean) | 2,549 | — |
| **Iomlán** | 39,872 | 35,085 |

Maidir leis an €33 milliún le haghaidh mhisin na NA agus an AE, baineann €6 mhilliún le misin a n-íocann an Stát a gcuid costas uile. Baineann an €27milliún eile le UNFIL agus UNDOF; comhaontaíodh socruithe um aisíocaíocht costas áirithe leis na NA ina dtaobh. Ba é an tsuim a fuarthas ó na NA mar leithreasaí i gcabhair in 2015 €10.6 milliún (Nóta 4.1), ar bhain €4.4milliún de le costais phearsanra agus €6.2 milliún le costais trealaimh. Ba é an tsuim gan íoc ag deireadh na bliana €1.9 milliún (€0.73 milliún de chostais phearsanra do UNIFIL agus UNDOF agus €1.17 milliún de chostais trealaimh do UNIFIL amháin. Tá costais trealaimh do UNDOF á n-idirbheartú leis na Náisiúin Aontaithe).

Táthar ag súil go gcuirfear críoch in 2016 le héileamh a cuireadh faoi bhráid na Náisiún Aontaithe maidir le costais a bhain leis an tarraingt siar ó MINURCAT (Sead).

### 6.2 Tacaíocht do Chumainn Ionadaíochta Óglaigh na hÉireann

Áirítear sa Chuntas seo €488,067 i leith luach saothair an phearsanra mhíleata a tugadh ar iasacht do chumainn ionadaíochta agus costais riaracháin ghaolmhara áirithe.

| **6.3 Feithiclí díscríofa** | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Cailliúint nó damáiste do stórais, do threalamh nó do réadmhaoin [a] | 4,128 | 5 |
| Damáiste d'fheithiclí míleata | 62 | 88 |
| Drochfhiacha (cíos) | 15 | 5 |

[a] Áirítear ann seach-chur €4 mhilliún i ndáil le haerárthach a ndearnadh damáiste dó i dtimpiste.

**6.4 Éilimh maidir le Díobháil Phearsanta agus Cás Fostaíochta**

| amhail an 31 Nollaig | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| Líon na n-éileamh a socraíodh: | | |
| An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát | 97 | 95 |
| Eile | 20 | 42 |
| Líon na n-éileamh ar láimh: | 379 | 338 |
| Líon díobh a bhain leis an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát | 316 | 289 |

**6.5 Costais dlí**

| | | | | | **2015** |
|---|---|---|---|---|---|
| | **Líon na gcásanna** | **Costais dlí díolta ag an Roinn** | **Costais dlí a bronnadh** | **Cúiteamh a bronnadh** | **Iomlán** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Éilimh ó fhostaithe an Vóta** | 215 | 644 | 831 | 1,783 | 3,258 |
| **Éilimh ó bhaill an phobail** | 39 | 58 | 117 | 431 | 606 |
| | | 702 | 948 | 2,215 | 3,867 |

Tagraíonn na figiúirí thuasluaite maidir le táillí dlí agus cúiteamh le cásanna ina ndearnadh íocaíocht in 2015. Áirítear cásanna anseo a socraíodh sna blianta roimhe seo, iad siúd a socraíodh in 2015 agus iad siúd atá fós oscailte.

**6.6 Cóir Leighis**

Tugadh seirbhísí institiúide agus othar seachtrach do phearsanra Óglaigh na hÉireann agus do chleithiúnaithe an phearsanra liostáilte in ospidéil shibhialtacha gan gearradh an mhuirir reachtúil agus in ospidéil mhíleata gan muirear a ghearradh ar Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

## Sceideal na Talún agus Foirgneamh

## 1. Dílsithe san Aire Cosanta

| **Réadmhaoin** | **Achar (Acraí)[a]** |
|---|---|
| **An Clár** | |
| Campa Chnoc an Lisín | 53.17 |
| **Corcaigh** | |
| Dún Uí Mhurchú, Baile an Chollaigh | 0.89 |
| Dún Uí Choileáin, Corcaigh | 24.20 |
| Cuid de Pháirc an Champa, Dún Uí Choileáin | — |
| Seanbheairic agus Reilig, Mainistir Fhear Maí | 4.45 |
| Campa Mhic Gearailt, Mainistir Fhear Maí | 0.401 |
| Áitreabh na nÓglach Cúltaca, Cill Chrócháin | 0.405 |
| Ceapach Chuimhneacháin Mhíchíl Uí Choileáin, Béal na Blá | 0.0040 |
| Áitreabh na nÓglach Cúltaca, an Sciobairín | 0.20 |
| Áitreabh na nÓglach Cúltaca, Mala | 0.028 |
| Áitreabh na nÓglach Cúltaca, Eochaill | 0.0.45 |
| Cuid den Seandún Míleata, Cill na Mallach | — |
| **Baile Átha Cliath** | |
| Aeradróm Mhic Easmainn, Baile Dhónaill, lena n-áirítear feirm chamrais agus talamh chóngarach | 277.21 |
| Asplanád, Dún Uí Choileáin | 0.20 |
| Láithreán ag Droichead na hInse, Baile Átha Cliath 8 | 0.405 |
| **Gaillimh** | |
| Raon Raidhfilí Órán Mór | 216.10 |
| Soláthar Uisce Bhun na dTobar go Raon Órán Mór | — |
| Dún Uí Mhaoilíosa, Gaillimh | 29.95 |
| **Ciarraí** | |
| Dún Bhaile an Mhuilinn, Trá Lí | 6.07 |
| Dún na Sionainne, Tairbeart | 0.81 |
| Áitreabh na nÓglach Cúltaca, Cill Orglan | 0.10 |
| **Cill Dara** | |
| Campa agus Tailte an Churraigh | 1,970.82 |
| Tailte an Churraigh – Seachbhóthar Chill Dara | — |
| Tithe ag Páirc an Úlloird (2, 23, 78, 85, 96), an Currach | — |
| Dún Mhic Aoidh, Cill Dara. | 22.79 |
| Tailte ag an Ráth Dhubh, an Currach. | 14.37 |
| **Cill Chainnigh** | |
| Dún Mhic Stiofáin, Cill Chainnigh | 5.67 |
| **Lú** | |
| Raon Raidhfilí an Sciobóil Dheirg, Dún Dealgan | 5.46 |
| **An Mhí** | |
| Campa agus Aeradróm Bhaile Mhic Gormáin | 105.62 |
| Áitreabh na nÓglach Cúltaca, an Uaimh | 0.20 |
| **Uíbh Fhailí** | |
| Seandún Míleata, Biorra | 1.98 |

[a] Is garluach atá i gceist leis na hacraíochtaí a shonraítear. Tá foirgnimh le fáil ar mhórchuid na réadmhaoine.

| Réadmhaoin | Achar (Acraí)[a] |
|---|---|
| **Ros Comáin** | |
| Raon Raidhfilí, an Charnach | 114.53 |
| **Tiobraid Árann** | |
| Raon Raidhfilí, Cill Chuaráin | 5.46 |
| Raon Raidhfilí an Bhearnáin, an Teampall Mór | — |
| **Port Láirge** | |
| Dún Míleata, Port Láirge | 0.32 |
| **An Iarmhí** | |
| Dún Mhic Coluim, an Muileann gCearr | 9.61 |
| Dún Chostúim, Baile Átha Luain | 5.26 |
| Tailte Gharraí na Féile, Baile Átha Luain | 5.97 |
| **Cill Mhantáin** | |
| Raon Airtléire Ghleann Ó Máil | 2,698.85 |
| Campa agus Tailte Chúil Mhuine | 97.53 |
| Tailte agus Teach Charraig Bhré, Bré | 1.95 |
| Post an Raonbhardaigh, an Seisceann | 0.405 |

## Sceideal na Talún agus Foirgneamh

### 2. Dílsithe san Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

| Réadmhaoin | Achar (Acraí)[a] |
|---|---|
| **An Clár** | |
| Áitreabh na nÓglach Cúltaca, Inis | 0.10 |
| **Corcaigh** | |
| Campa agus Raon Chill Uird | 1,377.55 |
| Cuid ag Campa Chill Uird do sholáthar seirbhísí bóthair don Údarás um Bóithre Náisiúnta | 10.69 |
| An tOileán Mór | 91.05 |
| Bunáit Chabhlaigh, Inis Sionnach[2] | 33.99 |
| Dún an Dáibhisigh, an Geata Bán[2] | 29.95 |
| Dún Theampall Bríde, Bun an Tábhairne | 14.97 |
| An Ché Fhíochmhar, Baile Chaisleáin Bhéarra | — |
| An Ché Thuirlingthe, an Cóbh | — |
| **Dún na nGall** | |
| Campa Fionnabhair, Bun Dobhráin | 339.94 |
| **Baile Átha Cliath** | |
| Dún Chathail Brugha, Ráth Maonais | 18.62 |
| Dún Chathail Brugha Uimh. 17-28 Ceathrúna | — |

[a] Is garluach atá i gceist leis na hacraíochtaí a shonraítear. Tá foirgnimh le fáil ar mhórchuid na réadmhaoine.

[2] Aistrithe go sealadach chuig an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara chun obair dheisiúcháin a dhéanamh ar shuíomh ISPAT.

| **Réadmhaoin** | **Achar (Acraí)[a]** |
|---|---:|
| Dún Mhic Aoidh, Ascaill an Chiardhuibh | 18.21 |
| Páirc Mhic Aoidh, Uimh. 64 | — |
| Ospidéal Naomh Bricín, Baile Átha Cliath 7 | 3.24 |
| An Seanteach Scoile, Cnoc an Arbhair | — |
| 2 Cúirt Thomhair, Cnoc an Arbhair | — |
| **Laois** | |
| Áitreabh na nÓglach Cúltaca, Port Laoise | 0.03 |
| **Luimneach** | |
| Dún an tSáirséalaigh, Luimneach | 5.99 |
| **An Longfort** | |
| Dún Uí Chonghaile, an Longfort | 4.35 |
| **Lú** | |
| Dún Mhic Aogáin, Dún Dealgan | 7.28 |
| **Maigh Eo** | |
| Dún Míleata, Caisleán an Bharraigh | 2.43 |
| **Ros Comáin** | |
| Raon Raidhfilí, Cuisle | 56.25 |
| Dún Míleata, Mainistir na Búille | 0.20 |
| **Tiobraid Árann** | |
| Dún Míleata, an tAonach | 1.09 |
| Cuid de Dhún Mhic Canna, an Teampall Mór | 0.16 |
| **Loch Garman** | |
| Dún Míleata, Loch Garman | 0.405 |
| **Cill Mhantáin** | |
| Campa agus Raon Raidhfilí Chill Bhríde | 636.98 |